Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2018**
**(OR. en)**

**6416/18**

**COASI 37**
**ASIE 8**
**CFSP/PESC 166**
**RELEX 147**
**POLGEN 13**
**JAI 160**
**DEVGEN 19**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5993/18 |
| Ábhar: | An Chambóid<br>- Conclúidí ón gComhairle (26 Feabhra 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn conclúidí na Comhairle maidir leis an gCambóid, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3598ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 26 Feabhra 2018.

**IARSCRÍBHINN**

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCambóid

1. Meabhraíonn an Chomhairle na hiarrachtaí suntasacha atá déanta agus na hacmhainní suntasacha atá infheistithe ag an Aontas Eorpach agus ag na Ballstáit chun tacú leis an atógáil, le forbairt an gheilleagair agus leis an aistriú chuig an daonlathas iolraíoch sa Chambóid ó thángthas ar chomhaontaithe Pháras.

2. Meabhraíonn an Chomhairle comhaontaithe Pháras 1991, a shínigh an Chambóid agus 18 dtír eile, lena n-áirítear an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe, lena gcuirtear oibleagáidí dlíthiúla de cheangal ar na páirtithe, lena n-áirítear an dualgas ar rialtas na Cambóide "córas daonlathais liobrálaigh atá bunaithe ar an iolrachas" a choimeád, chomh maith le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú. Cumhdaítear na gealltanais sin i mBunreacht na Cambóide.

3. Dá bhrí sin, tá an-imní ar an gComhairle agus súil á coinneáil aici ar a bhfuil tite amach i gcúrsaí polaitíochta le déanaí agus ar an meath leanúnach ar an daonlathas, agus ar an urraim do chearta an duine agus don smacht reachta, lena n-áirítear an chos ar bolg atáthar a dhéanamh ar lucht an fhreasúra, ar na meáin agus ar an tsochaí shibhialta. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis mhór imní di gur gabhadh ceannaire an fhreasúra Kem Sokha ar an 3 Meán Fómhair 2017 agus gur dúnadh nó gur cuireadh ar fionraí roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha agus seirbhísí meáin. Ní lú an imní atá uirthi gur díscaoileadh príomhpháirtí an fhreasúra, Páirtí Náisiúnta Tarrthála na Cambóide (PNTC) ar an 16 Samhain 2017, gur cuireadh cosc ar 118 gcomhalta shinsearacha de PNTC a bheith páirteach i gcúrsaí polaitíochta ar feadh cúig bliana, agus gur ath-leithdháileadh go héigeantach suíocháin uile áitiúla agus náisiúnta PNTC ar chomhaltaí neamhthofa as páirtithe eile, agus gurbh é an páirtí atá i gceannas a fuair formhór mór na suíochán áitiúil.

4. Áitíonn an Chomhairle go láidir ar rialtas na Cambóide éirí as úsáid a bhaint as na breithiúna mar uirlis pholaitiúil d'fhonn an lucht freasúra polaitiúil, an tsochaí shibhialta, gníomhaithe cearta oibrithe agus cosantóirí chearta an duine a chrá agus a imeaglú.

5. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach a éileamh go scaoilfí saor láithreach Kem Sokha. Iarrann sé freisin ar an gCambóid na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfaí díscaoileadh PNTC a fhreaschur láithreach agus go dtabharfaí na suíocháin ar ais d'fheisirí parlaiminte PNTC agus do chomhairleoirí áitiúla PNTC. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuair PNTC 44 % de na vótaí sna toghcháin áitiúla in 2017 agus 44.5 % de na vótaí sna toghcháin reachtacha in 2013. Agus na toghcháin ghinearálta ar na bacáin i mí Iúil 2018, séantar toil na vótálaithe le díscaoileadh éigeantach PNTC agus déantar dochar d'inchreidteacht an phróisis toghcháin reatha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach próiseas toghcháin dlisteanach é próiseas óna n-eisiatar go treallach príomhpháirtí an fhreasúra. Sa chomhthéacs sin, agus moltaí mhisin toghchánaíochta an Aontais in 2008 agus in 2015 á meabhrú aici, mar aon le tábhacht na hoibre leantaí éifeachtaí, is díol sásaimh don Chomhairle an cinneadh ón gCoimisiún cúnamh airgeadais an Aontais a thugtar don choiste náisiúnta toghcháin a chur ar feitheamh.

6. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leanúint ar aghaidh le measúnú cuimsitheach críochnúil ar chláir don chomhar um fhorbairt d'fhonn a áirithiú go ndéanfar na prionsabail dhaonlathacha, an urraim do chearta an duine agus an smacht reachta a neartú.

7. Iarrann an Chomhairle freisin ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí tacaíocht an Aontais don tsochaí shibhialta agus do chosantóirí chearta an duine a threisiú.

8. Is é an tAontas Eorpach an margadh is mó onnmhairiúcháin ag an gCambóid. Tugann an Chomhairle dá haire gur deonaíodh rochtain fhabhrach don Chambóid ar mhargadh an Aontais faoin scéim dar teideal "Gach Ní seachas Airm". Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle gur cuid ríthábhachtach de bheartas trádála an Aontais í an urraim do chearta an duine agus do na saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear do chearta oibrithe freisin, agus go ndéantar fabhair thrádála an Aontais a dheonú ar a bonn. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an bhfaireachán ar an staid mar atá agus dlús a chur leis an rannpháirtíocht leis an gCambóid i bhfianaise fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 978/2012.

9. I bhfianaise a bhfuil tite amach le déanaí, féadfaidh an Chomhairle breathnú ar bhearta sonracha spriocdhírithe a thabhairt isteach, mura dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí.

10. Áitíonn an Chomhairle ar an gCambóid an daonlathas a athbhunú agus áitíonn sí ar an rialtas dul i mbun idirphlé cuiditheach leis an lucht freasúra tofa. Iarrann an Chomhairle freisin ar rialtais na Cambóide na bearta uile is gá a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh timpeallacht pholaitiúil ann ina mbeidh páirtithe freasúra, an tsochaí shibhialta agus na meáin in ann feidhmiú gan bhac. Tá an tAontas sásta cabhrú leis an gCambóid a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis an daonlathas, leis an urraim do chearta an duine agus don smacht reachta, agus tacú lena forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe.

11. Leanfaidh an tAontas de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid sa Chambóid.